C/2025/101

10.1.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Feabhas a chur ar an trédhearcacht fhioscach trí bhuiséadú rannpháirtíochta san Aontas Eorpach

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/101)

Rapóirtéir: **Elena-Alexandra CALISTRU**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	11.10.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	23.10.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	591
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	174/1/0

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Aithníonn CESE an ról ríthábhachtach atá ag an trédhearcacht fhioscach agus ag an mbuiséadú rannpháirtíochta ó thaobh próisis dhaonlathacha a fheabhsú agus muinín a chothú in institiúidí an Aontais. Cé gurb eol do CESE go bhfuil an tAontas tiomantas don phrionsabal sin cheana féin, feictear dó go bhfuil deiseanna suntasacha ann don fheabhsú agus don chaighdeánú sna Ballstáit trí chéile.

1.2. Ba cheart don Aontas creat comhchoiteann a bhunú don trédhearcacht fhioscach sna cláir uile a mhaoinítear tríd an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI). Trí bhíthin an chreata sin ba cheart: a) caighdeáin agus treoirlínte soiléire a leagan síos don trédhearcacht fhioscach is infheidhme maidir leis na Ballstáit uile; b) béim a leagan ar shásraí agus ar dhea-chleachtais, seachas rialacháin nua a thabhairt isteach; agus c) comhsheasmhacht a áirithiú maidir le tuairisciú agus inrochtaineacht na faisnéise buiséadaí i gcistí agus i gcláir éagsúla an Aontais. Rud eile de, ba cheart don Aontas na Ballstáit a spreagadh agus tacú leo chun tacair sonraí ardcháilíochta a fhoilsiú maidir lena mbuiséad féin agus maidir le húsáid cistí Eorpacha, ós ríthábhachtach sin chun go n-éireoidh le hardán trédhearcachta fioscaí ar bith ar fud an Aontais.

1.3. Ba cheart don Aontas tionscnaimh maidir le buiséadú rannpháirtíochta a chur chun cinn agus tacú leo, ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach go háirithe, arb iad na háiteanna iad is mó a raibh éifeacht acu iontu go nuige seo. Áirítear air sin: a) treoir agus acmhainní a chur ar fáil chun próisis um buiséadú rannpháirtíochta a chur chun feidhme; b) comhroinnt eolais agus dea-chleachtais a spreagadh i measc na mBallstát; agus c) gnéithe rannpháirtíochta a chomhtháthú sna próisis um buiséadú ar leibhéal an Aontais i gcás inarb iomchuí trí bhíthin rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe, amhail i gcinntí maidir le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe.

1.4. Ba cheart don Aontas úsáid ardán digiteach a fhorbairt agus a chur chun cinn chun an trédhearcacht fhioscach agus rannpháirtíocht na saoránach a fheabhsú. Is éard atá i gceist leis sin: a) ardán digiteach soláimhsithe uile-Aontais a chruthú chun rochtain a fháil ar fhaisnéis bhuiséadach agus chun í a thuiscint; b) úsáid a bhaint as anailísíocht sonraí agus as an intleacht shaorga chun léargas níos doimhne a thabhairt ar shonraí buiséadacha agus chun an chinnteoireacht a fheabhsú; agus c) a áirithiú go bhfuil de thoradh ar na huirlisí digiteacha sin go ndéantar faisnéis chasta a shimpliú, ach gan róshimpliú a dhéanamh ná a bheith pobalach.

1.5. Molann CESE go dtabharfadh institiúidí an Aontais tacaíocht bhreise do na próisis mhaoirseachta agus mheastóireachta atá ann cheana le haghaidh tionscnaimh um thrédhearcacht fhioscach agus um buiséadú rannpháirtíochta. Áirítear air sin: a) comhlachtaí neamhspleácha maoirseachta a chumhachtú chun faireachán agus iniúchóireacht a dhéanamh ar an airgeadas poiblí; b) sásraí láidre measúnaithe tionchair agus aiseolais a chur chun feidhme le haghaidh tionscnaimh thrédhearcachta agus rannpháirtíochta; agus c) athbhreithniú agus nuashonrú rialta a dhéanamh ar chaighdeáin agus cleachtais trédhearcachta atá bunaithe ar thorthaí. Tá béim ag CESE ar an tábhacht atá le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) sa phróiseas sin, agus molann sé go neartófaí an ról atá acu leis an trédhearcacht fhioscach a chur chun cinn.

1.6. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé tús áite a thabhairt d'iarrachtaí chun feasacht agus rannpháirtíocht an phobail i gcúrsaí fioscacha a mhéadú. Is éard atá i gceist leis sin: a) feachtais chuimsitheacha oideachais agus múscailte feasachta a chur chun feidhme maidir le trédhearcacht fhioscach agus buiséadú rannpháirtíochta; b) cláir oiliúna agus forbartha acmhainní a chur ar fáil d'oifigigh phoiblí agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta; agus c) ról gníomhach a thabhairt do dhaoine óga agus do dhaoine a bheidh ina gceannairí amach anseo sa trédhearcacht fhioscach agus sna próisis rannpháirtíochta.

1.7. Is mian le CESE a áirithiú go mbeidh tionscnaimh um thrédhearcacht fhioscach agus um buiséadú rannpháirtíochta ina gcrann taca ag cuspóirí criticiúla an Aontais agus go mbeidh siad i gcomhréir leo, lena n-áirítear: a) ullmhú do mhéadú féideartha an Aontais le cleachtais fhioscacha thrédhearcacha; b) cothromaíocht a aimsiú idir spriocanna um neamhspleáchas fuinnimh agus gealltanais an Chomhaontaithe Ghlais trí phróisis bhuiséadaithe atá soiléir agus atá bunaithe ar an rannpháirtíocht; agus c) trédhearcacht agus éifeachtacht an bheartais comhtháthaithe a fheabhsú, arb ionann é agus thart ar aon trian de bhuiséad an Aontais; agus d) tacú le hiomaíochas inbhuanaithe an Aontais trí chistiú trédhearcach nuálaíochta agus trí chinnteoireacht thrédhearcach eacnamaíoch.

1.8. Is mian le CESE comhar agus comhroinnt eolais níos fearr a spreagadh maidir leis an trédhearcacht fhioscach agus maidir leis an mbuiséadú rannpháirtíochta i mBallstáit an Aontais trí chéile tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: a) cláir uile-Aontais a éascú chun dea-chleachtais agus samhlacha rathúla a chomhroinnt; b) tacú le comhar réigiúnach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhchoiteanna trédhearcachta; agus c) comhpháirtíochtaí a chothú idir daonlathais sheanbhunaithe agus daonlathais atá ag teacht chun cinn chun cleachtais um thrédhearcacht fhioscach a neartú.

1.9. Ach na moltaí sin a chur chun feidhme, is féidir leis an Aontas feabhas suntasach a chur ar chleachtais um thrédhearcacht fhioscach agus um buiséadú rannpháirtíochta sna Ballstáit trí chéile. A bhuí leis na hiarrachtaí sin, cuirfear le muinín an phobail, bainfear úsáid níos éifeachtaí as acmhainní poiblí, agus neartófar an próiseas daonlathach laistigh den chreat daonlathais ionadaíoch atá ann cheana. Cuireann CESE i bhfáth go bhfuil na bearta sin ceaptha chun struchtúir rialachais reatha an Aontais a chomhlánú agus a fheabhsú, seachas teacht ina n-ionad, agus go mbeidh de thoradh ar na bearta sin, ar deireadh thiar, go mbeidh na saoránaigh níos rannpháirtí agus níos eolasaí agus go mbeidh institiúidí níos freagrúla agus níos cuntasaí ann.

2. **Cúlra agus barúlacha ginearálta**

2.1. Is gnéithe ríthábhachtacha den dea-rialachas iad an trédhearcacht fhioscach agus an buiséadú rannpháirtíochta; bíonn de thoradh orthu go bhfeabhsaítear na próisis dhaonlathacha lena gcomhlánaítear struchtúir an daonlathais ionadaíoch.

2.2. Chun críocha na tuairime seo:

— Ciallaíonn 'trédhearcacht fhioscach' oscailteacht an rialtais ó thaobh faisnéis airgeadais a nochtadh. Áirítear leis sonraí buiséadacha a chur i riocht inrochtana don phobal, tuarascálacha soiléire cuimsitheacha a chur ar fáil maidir le hioncam agus caiteachas rialtais agus a áirithiú go mbíonn cinntí airgeadais trédhearcach.

— Is próiseas daonlathach é an buiséadú rannpháirtíochta ina gcinneann daoine den phobal go díreach an chaoi a ndéanfar cuid de bhuiséad poiblí a leithdháileadh. Bíonn de thoradh air gur féidir leis an bpobal a bheith rannpháirteach i gcinntí buiséadacha, lena n-áirithítear go gcaitear cistí poiblí ar bhealaí atá i gcomhréir le tosaíochtaí an phobail.

2.3. D'ainneoin thiomantas an Aontais don trédhearcacht, tá éagothromaíochtaí suntasacha sa trédhearcacht fhioscach i réimsí éagsúla caiteachais (e.g. an talmhaíocht, an beartas comhtháthaithe) in CAI. Ní hamháin go bhfuil difríochtaí suntasacha idir cistí atá á mbainistiú go díreach ag an Aontas agus cistí atá faoi bhainistíocht chomhroinnte, go deimhin tá difríochtaí móra ann fiú laistigh d'uirlisí agus de leibhéil. Mar shampla, i gcás an bheartais comhtháthaithe, ar leibhéal an Aontais tá dhá shampla ann d'ardáin lena gcuirtear uirlisí cuimsitheacha trédhearcachta ar fáil chun faireachán a dhéanamh ar an gcaiteachas: le Cohesiondata ([1]) agus le Kohesio ([2]) rianaítear an caiteachas i bhfíor-am, beagnach, ach le leibhéil éagsúla mionsonraí, ag brath freisin ar na sonraí a bhailítear ar leibhéal na mBallstát. Ag an am céanna, ní thugtar sonraí fíor-ama leis an Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta ([3]); ina ionad sin ní thugtar ach léargas *ex post* ar chaiteachas na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, toisc gur de chineál feidhmíochtbhunaithe é, agus an tuairisciú á nascadh dá réir le baint amach garspriocanna agus spriocanna.

2.4. Tá roinnt sásraí cuntasachta in úsáid ag an Aontas cheana féin, lena n-áirítear an nós imeachta um urscaoileadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear an buiséad chun feidhme, prionsabal na comhpháirtíochta chun saoránaigh agus an tsochaí shibhialta a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bpleanáil chistí an Aontais, agus painéil saoránach chun deis a thabhairt don phobal a dtuairim a léiriú maidir le saincheisteanna buiséid. I gcás na bpainéal saoránach leagtar béim go háirithe ar rannpháirtíocht na hóige, agus an sprioc ann go mbeadh aon trian de na comhaltaí painéil ag déanamh ionadaíochta ar dhaoine óga. Leis na huirlisí sin atá ann cheana, cuirtear bunchloch ar fáil chun na próisis um thrédhearcacht fhioscach agus um rannpháirtíocht ar leibhéal an Aontais a fheabhsú.

2.5. San Aontas Eorpach, cuireadh an buiséadú rannpháirtíochta chun feidhme ar scálaí éagsúla; is é an leibhéal áitiúil an áit is éifeachtaí a bhfeidhmíonn sé, mar uirlis chinnteoireachta agus mar dheis oideachasúil araon do na saoránaigh. Cé go bhfuil Parlaimint na hEorpa agus roinnt Ballstát tar éis triail a bhaint as an gcur chuige sin, tá éagsúlacht mhór sna cleachtais san Aontas trí chéile. I roinnt tíortha, tá an buiséadú rannpháirtíochta seanbhunaithe agus é comhtháite sna struchtúir rialachais, ach i dtíortha eile tá sé fós imeallach. Is léiriú é an tírdhreach ilchineálach sin, ar an leibhéal fonáisiúnta go háirithe, ar an ngéarghá atá le cur chuige cuimsitheach, comhtháiteach maidir le trédhearcacht fhioscach agus buiséadú rannpháirtíochta san Aontas trí chéile, arbh é ab aidhm dó cur le rannpháirtíocht an phobail, leis an trédhearcacht agus leis an gcuntasacht sna próisis bhuiséadacha.

2.6. Is den tábhacht na leibhéil éagsúla den bhuiséadú rannpháirtíochta, ón leibhéal áitiúil go leibhéal an Aontais, a aithint. Agus na cleachtais sin á leathnú againn, tá ról ríthábhachtach ag CESE agus ag an tsochaí shibhialta eagraithe ó thaobh rannpháirtíocht éifeachtach ionchuimsitheach a áirithiú. Is féidir lena gcuid saineolais agus lena gcuid líonraí seanbhunaithe cuidiú ó thaobh an bhearna idir na saoránaigh agus na próisis chinnteoireachta ar leibhéal an Aontais a dhúnadh. Ar leibhéal an Aontais, ba cheart dúinn dul i gcion ar na heagraíochtaí sin le go bhforbróidís samhlacha lena spreagfaí rannpháirtíocht leathan fhiúntach agus, ag an am céanna, sláine an phróisis a choimeád.

3. **Barúlacha agus moltaí ginearálta**

3.1. I bhfianaise na ndúshlán atá roimh institiúidí daonlathacha ar fud na hEorpa, is deis iad tionscnaimh trédhearcachta agus rannpháirtíochta chun muinín a chothú an athuair. Is féidir le CESE, agus é ag feidhmiú mar nasc idir an tsochaí shibhialta agus institiúidí an Aontais, ról lárnach a bheith aige sa phróiseas sin. Ach rannpháirtíocht ghníomhach a thabhairt don tsochaí shibhialta eagraithe i bpléití buiséadacha agus léiriú soiléir a thabhairt ar an gcaoi a múnlaítear cinntí de bharr a n-ionchuir, is féidir linn Aontas Eorpach níos ionchuimsithí agus níos freagrúla a chruthú.

3.2. Tá CESE ag áitiú gur cheart creat coiteann a fhorbairt don trédhearcacht fhioscach sna cláir uile a mhaoinítear trí CAI, gan beann ar an leibhéal bainistíochta. D'fhéadfadh creat coiteann don trédhearcacht fhioscach a bheith ina chuidiú chun a áirithiú go mbeidh caighdeáin agus treoirlínte comhchosúla ag Ballstáit uile an Aontais maidir leis an trédhearcacht fhioscach. D'fhéadfadh sé sin cabhrú le trédhearcacht agus cuntasacht sa chaiteachas poiblí a mhéadú agus an baol imghabhála cánach agus éillithe a laghdú.

3.3. Sa Suirbhé Buiséid Oscailte is déanaí (2023), leagtar béim ar an bhfíoras nach leor iad na creataí reachtacha agus na sásraí maoirseachta atá ann don trédhearcacht fhioscach agus don bhuiséadú rannpháirtíochta san Aontas trí chéile. Tá CESE ag moladh caighdeáin aonfhoirmeacha uile-Aontais a bhunú le reachtaíocht, agus go n-áiritheofar dá chionn sin trédhearcacht chomhsheasmhach gan beann ar an áit a gcaitear cistí an Aontais. Molann sé freisin cumhacht a thabhairt d'institiúidí fioscacha neamhspleácha atá ann cheana maoirseacht agus iniúchadh a dhéanamh ar an airgeadas poiblí, seachas sraitheanna nua maorlathais a chruthú. Ba cheart na bearta sin a chur in oiriúint do chéimeanna éagsúla an phróisis bhuiséadaigh – pleanáil, forghníomhú agus iniúchóireacht – céimeanna a dteastaíonn cineálacha cur chuige rannpháirtíochta ar leith ó gach ceann acu faoi seach. Molann CESE boscaí uirlisí sonracha a fhorbairt do gach céim chun rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach a áirithiú le linn an timthrialla bhuiséadaigh ar fad. Is é is aidhm do na bearta sin aghaidh a thabhairt ar an éagothromaíocht atá ann faoi láthair sna cleachtais trédhearcachta i measc thíortha an Aontais agus an chuntasacht fhioscach fhoriomlán a neartú.

([1]) Cohesiondata.
([2]) Kohesio.
([3]) Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta.

3.4. Is den ríthábhacht rannpháirtíocht an phobail sa bhuiséadú a mhéadú chun trédhearcacht a thabhairt i gcrích. Is uirlis chumhachtach é an buiséadú rannpháirtíochta lenar féidir cur leis an trédhearcacht agus an chuntasacht sa chaiteachas poiblí. D'fhéadfadh an tAontas tuilleadh Ballstát a spreagadh chun buiséadú rannpháirtíochta a ghlacadh agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh siúd atá á chur chun feidhme cheana féin.

3.5. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le buiséid chasta an Aontais, ar deacair do shaoránaigh agus do speisialtóirí araon iad a thuiscint, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh an fhaisnéis bhuiséadach a shimpliú agus a shoiléiriú. Mar chuid de sin, d'fhéadfaí achoimrí sothuigthe agus léaráidí de shonraí buiséid a chur le chéile, agus acmhainní oideachais a chur ar fáil chun cabhrú le saoránaigh tuiscint níos fearr a fháil ar airgeadas an Aontais. Molann CESE tagairt chórasach a dhéanamh d'acmhainní a bhaineann le cistiú agus trédhearcacht bhuiséad an Aontais ar shuíomhanna ina sonraítear conas is féidir le saoránaigh agus gnólachtaí cistí an Aontais a úsáid, go hidéalach trí Cheisteanna Coitianta, trí shraitheanna uirlisí, agus trí fhormáidí inrochtana eile.

3.6. Molann CESE ardán digiteach uile-Aontais a fhorbairt don trédhearcacht fhioscach chun cuntasacht sa chaiteachas poiblí a fheabhsú. San ardán soláimhsithe sin dhéanfaí na hiarrachtaí atá ann cheana a chomhtháthú, agus rochtain fíor-ama á tabhairt ar shonraí buiséadacha, ar shonraí soláthair, agus ar thorthaí tionscadail. Ach comhoibriú a dhéanamh le heagraíochtaí teicneolaíochta sibhialta, leis an tsochaí shibhialta agus le comhpháirtithe san earnáil phríobháideach, d'fhéadfadh an t-ardán leas a bhaint as saineolas chun uirlisí tarraingteacha éifeachtacha a chruthú. Chun an t-ualach riaracháin a íoslaghdú, ba cheart dó sonraí a asbhaint go díreach ó na córais atá ann cheana seachas tuairisciú breise a éileamh ar na Ballstáit. Bheadh de thoradh ar ardán den sórt sin go gcuirfí feabhas suntasach ar rochtain an phobail ar fhaisnéis airgeadais an Aontais agus ar an tuiscint atá ag an bpobal ar an bhfaisnéis sin.

3.7. Chun tionchar a imirt leis na huirlisí sin, tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ríthábhachtach. D'fhéadfadh an tAontas rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí a spreagadh ach deiseanna a thabhairt do dhaoine den phobal agus d'eagraíochtaí sochaí sibhialta a bheith rannpháirteach sa phróiseas buiséadaithe agus a n-ionchur a thabhairt i dtaobh beartais fhioscacha. Ba cheart dó sin na próisis fhoirmiúla chomhairliúcháin le heagraíochtaí ionadaíocha ón tsochaí shibhialta a chomhlánú, seachas teacht in ionad na bpróiseas sin. Ba cheart gurbh í rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe an t-íoscheanglas chun tosaíochtaí buiséid a leagan amach.

3.8. Ach oiliúint agus fothú acmhainneachta a chur ar fáil d'oifigigh phoiblí, ar gach leibhéal a bhainistíonn cistí a thagann ó CAI, agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, d'fhéadfaí an trédhearcacht agus an chuntasacht fhioscach a mhéadú. D'fhéadfadh an tAontas cláir oiliúna agus fothaithe acmhainneachta a chur ar fáil chun cabhrú le hoifigigh phoiblí agus le heagraíochtaí sochaí sibhialta tuiscint a fháil ar thábhacht na trédhearcachta fioscaí agus ar an gcaoi ar féidir í a chur chun feidhme go héifeachtach.

3.9. Bacainn shuntasach ar thrédhearcacht fhioscach éifeachtach agus ar bhuiséadú rannpháirtíochta is ea an leibhéal íseal feasachta agus rannpháirtíochta i measc an phobail. Is iomaí duine nach gcuirtear ar an eolas faoina gceart a bheith rannpháirteach ná faoin gcaoi ar féidir rochtain a fháil ar fhaisnéis fhioscach. Ba cheart tacaíocht shuntasach a chur ar fáil faoi gach mórchiste chun feachtais chuimsitheacha oideachais agus múscailte feasachta a chur chun feidhme i gcomhar leis an tsochaí shibhialta, agus ba cheart cláir fothaithe acmhainneachta a chur ar fáil d'oifigigh rialtais agus do státseirbhísigh maidir le dea-chleachtais le haghaidh na trédhearcachta agus rannpháirtíocht na saoránach. Ba cheart na feachtais sin a dhíriú ní hamháin ar shaoránaigh ach ar ghnólachtaí freisin, agus aitheantas á thabhairt don ról atá acu ina bpríomhpháirtithe leasmhara dóibh i dtimpeallacht eacnamaíoch an Aontais.

3.10. Ba cheart don Aontas tús áite a thabhairt do rannpháirtíocht na ndaoine óga sna próisis um buiséadú rannpháirtíochta, ós rud é gurb iad sin na geallsealbhóirí agus na cinnteoirí a bheidh ann amach anseo. Is féidir é sin a bhaint amach trí ardáin agus uirlisí digiteacha atá oiriúnach don óige a fhorbairt don bhuiséadú rannpháirtíochta, trí fheachtais spriocdhírithe for-rochtana agus múscailte feasachta a reáchtáil chun faisnéis a roinnt le daoine óga agus iad a spreagadh, agus trí oibriú i gcomhar le heagraíochtaí don óige agus le hinstitiúidí oideachais chun rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn. Mar bheart nithiúil, d'fhéadfadh an tAontas smaoineamh ar chlár a reáchtáil ar bhonn píolótach – clár ina gcinnfeadh daoine óga céatadán beag de bhuiséad ábhartha trí eagraíochtaí don óige.

4. **Barúlacha agus moltaí sonracha**

4.1. Cé go bhfuil a lán uirlisí nuálacha ann don trédhearcacht fhioscach agus don bhuiséadú rannpháirtíochta, is minic a bhíonn siad ilroinnte agus ní ghlactar go forleathan iad san Aontas trí chéile. Tá gá le comhordú agus tacaíocht bhreise do thionscnaimh teicneolaíochta sibhialta. Is féidir é sin a bhaint amach trí ócáidí lena dtugtar le chéile saineolaithe teicneolaíochta, oifigigh rialtais agus an tsochaí shibhialta chun réitigh a chruthú don trédhearcacht fhioscach agus do rannpháirtíocht an phobail. Lena chois sin, d'fhéadfadh ardáin éifeachtacha ar leibhéal na mBallstát nó ar leibhéal an Aontais amhail opencoesione.it ([4]) agus cohesiondata.ec.europa.eu ([5]) a bheith caighdeánach, mar ba cheart dóibh a bheith.

([4]) OpenCoesione.
([5]) Cohesiondata.

4.2. Is iomaí rialtas nach mbaineann leas iomlán as anailísíocht sonraí agus as an intleacht shaorga chun an trédhearcacht fhioscach agus an buiséadú rannpháirtíochta a fheabhsú. Is féidir leis na teicneolaíochtaí sin léargais níos doimhne a thabhairt ar shonraí buiséadacha agus an chinnteoireacht a fheabhsú. Ós rud é gur gá tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh i dtreo comhaontú digiteach, ba cheart an réimse sin a bheith ar cheann de na chéad réimsí ina gcomhtháthaítear ardanailísíocht sonraí agus an intleacht shaorga. Is féidir anailísíocht sonraí a úsáid chun léargas a thabhairt ar phatrúin chaiteachais, chun forthorthaí buiséid a thuar agus chun deacrachtaí féideartha a shonrú. Is féidir úsáid a bhaint as uirlisí faoi thiomáint na hintleachta saorga chun anailís a dhéanamh ar thacair mhóra sonraí, chun aimhrialtachtaí a bhrath agus chun feabhsuithe ar leithdháiltí buiséid a mholadh.

4.3. Tá comhar trasteorann agus comhroinnt eolais maidir le trédhearcacht fhioscach agus buiséadú rannpháirtíochta i measc Bhallstáit an Aontais teoranta go fóill. Molann CESE go gcuirfí leis na deiseanna le haghaidh comhar den sórt sin faoi chláir arna gcistiú ag CAI trí thionscnaimh atá á reáchtáil ar fud an Aontais nó trí chomhpháirtíochtaí réigiúnacha. De thoradh na n-iarrachtaí sin, ba cheart go n-éascófaí malartú dea-chleachtas agus forbairt réiteach comhpháirteach ar dhúshláin chomhchoiteanna ó thaobh na trédhearcachta de. Ba cheart béim ar leith a leagan ar thionscnaimh chomhpháirteacha thrasteorann a chothú i measc eagraíochtaí don óige agus ceannairí óga sa réimse sin. Dá chionn sin, áiritheofar go mbeidh an chéad ghlúin eile rannpháirteach go gníomhach i gcur chun cinn na trédhearcachta fioscaí agus an bhuiséadaithe rannpháirtíochta ar fud an Aontais.

4.4. Tugann CESE dá aire go bhfuil sásraí láidre meastóireachta agus faireacháin in easnamh ar roinnt mhaith tionscnamh um thrédhearcacht agus um buiséadú rannpháirtíochta agus gur deacair, dá thoradh sin, measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht agus na feabhsuithe is gá a dhéanamh orthu. Chun aghaidh a thabhairt air sin, molann sé creataí cuimsitheacha faireacháin a chur chun feidhme lena n-áirítear measúnuithe rialta tionchair agus cainéil aiseolais don phobal. Bheadh de thoradh ar na bearta sin go bhféadfaí na tionscnaimh sin a fheabhsú go leanúnach agus, dá bharr sin, d'áiritheofaí a n-éifeachtacht agus a bhfreagrúlacht leanúnach. Tá béim á cur ag CESE ar an tábhacht atá le CIE agus an nós imeachta um urscaoileadh chun cuntasacht fhioscach a áirithiú, agus molann sé go ndéanfaí machnamh níos mine ar an bpróiseas sin agus an próiseas a thabhairt chun inrochtanachta i gcomhthéacs fheabhsú na trédhearcachta fioscaí.

Príomhghnéithe beartais an Aontais a chomhtháthú

4.5. Leagtar síos le CAI tosaíochtaí agus leithdháiltí caiteachais fadtéarmacha an Aontais, rud a chuireann srian ar an trédhearcacht fhioscach agus ar an mbuiséadú rannpháirtíochta ach a chumsaíonn iad ag an am céanna Molann CESE na huirlisí trédhearcachta fioscaí a chur ag luí le tosaíochtaí straitéiseacha CAI agus é a úsáid mar an bphríomhchreat chun na prionsabail sin a chur chun feidhme. Ar an dóigh sin, d'fhéadfaí cabhrú le cistiú agus tacaíocht institiúideach a dhaingniú do thionscnaimh thrédhearcachta agus a áirithiú freisin go mbeidh an trédhearcacht agus an rannpháirtíocht is mó is féidir fite fuaite sa chéad leagan eile de CAI. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh an tsochaí shibhialta eagraithe rannpháirteach in ullmhú CAI, trí chomhairliúcháin struchtúrtha atá cosúil leo siúd a úsáidtear faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

4.6. Maidir leis an mbeartas comhtháthaithe, atá ríthábhachtach chun éagothromaíochtaí idir na réigiúin a laghdú, tá scrúdú le déanamh air i gcomhthéacs theacht chun cinn an phobalachais agus maorlathas an Aontais a bheith á cháineadh. Measann CESE go bhféadfaí stádas an bheartais comhtháthaithe faoi chuimsiú CAI a neartú ach feabhas a chur ar an trédhearcacht agus ar chleachtais rannpháirtíochta. Is éard a bheadh i gceist leis sin a áirithiú go leithdháilfear cistí comhtháthaithe ar bhealach trédhearcach agus go mbeadh critéir shoiléire agus tuairisciú poiblí ar fhorthorthaí i gceist, agus próisis um buiséadú rannpháirtíochta á gcomhtháthú sna cinntí cistiúcháin ag an am céanna. Ach na pobail áitiúla a bheith rannpháirteach sna cinntí i dtaobh leithdháileadh na gcistí, is féidir leis an Aontas tuiscint níos fearr ar an mbeartas comhtháthaithe agus tacaíocht níos fearr don bheartas sin a chothú, cur i gcoinne an cháinte agus cur le tábhacht an bheartais comhtháthaithe ó thaobh aghaidh a thabhairt ar neamhionannais réigiúnacha. Admhaím CESE nach mór leibhéil éagsúla an díláraithe ar fud na mBallstát a chur san áireamh nuair atá buiséadú rannpháirteach á chur chun feidhme. Ba cheart an cur chuige a bheith solúbtha go leor chun freastal ar na difríochtaí sin agus trédhearcacht agus rannpháirtíocht na saoránach ar gach leibhéal rialachais á gcur chun cinn san am céanna.

4.7. Beidh tionchar suntasach ag aontachas féideartha na hÚcráine, na Moldóive agus thíortha na mBalcán Thiar faoi 2030 ar thírdhreach airgeadais an Aontais. Molann CESE cleachtais fhioscacha thrédhearcacha chun ullmhú don mhéadú sin, rud a thacóidh le tíortha is iarrthóirí caighdeáin an Aontais trédhearcacht fhioscach agus buiséadú rannpháirtíochta a ghlacadh. Ba cheart coigeartuithe ar CAI agus ar an mbeartas comhtháthaithe a dhéanamh ar dhóigh thrédhearcach, agus ionchur ón tsochaí shibhialta a bheith mar chuid díobh, chun freastal ar riachtanais airgeadais na mBallstát nua a bheidh ann amach anseo. Ina theannta sin, ach daoine óga ó thíortha is iarrthóirí a bheith rannpháirteach go gníomhach sna pléití sin, is féidir cultúr trédhearcachta a chothú i measc cheannairí na todhchaí. Ar an gcaoi sin, áiritheofar lánpháirtiú rianúil agus tiomantas fadtéarmach do na prionsabail sin.

4.8. De bharr chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá méadú tagtha ar an ngá atá le neamhspleáchas fuinnimh, rud a d'fhéadfadh teacht salach ar ghealltanais an Chomhaontaithe Ghlais. Tá CESE ag áitiú gur féidir le buiséadú trédhearcach cabhrú le cothromaíocht a aimsiú idir na tosaíochtaí freasúla sin. Ní mór don Aontas a chur in iúl go soiléir conas atá sé beartaithe aige spriocanna an neamhspleáchais fuinnimh agus an Chomhaontaithe Ghlais araon a bhaint amach, agus é ag áirithiú go mbeidh an pobal rannpháirteach sna cinntí criticiúla sin. Ba cheart infheistíochtaí sa bhonneagar fuinnimh a bheith trédhearcach agus i gcomhréir le spriocanna na hinbhuanaitheachta fadtéarmaí, agus ionchur iontu ag eagraíochtaí don óige agus ag gníomhaithe aeráide maidir le cleachtais inbhuanaithe agus bhuiséadaithe.

4.9. I dtuarascáil Enrico Letta dar teideal 'Much more than a market', leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé iomaíochas an Aontais a choimeád trí bhíthin na nuálaíochta, na táirgiúlachta agus na cobhsaíochta eacnamaíche. Tá beartais agus cleachtais fhioscacha thrédhearcacha ríthábhachtach chun na spriocanna sin a bhaint amach. Tá CESE ag moladh cistiú nuálaíochta a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus buiséadú rannpháirtíochta a úsáid sa chinnteoireacht eacnamaíoch. Ach an cur chuige sin a ghlacadh, is féidir cur le tuiscint an phobail agus leis an tacaíocht do thionscnaimh iomaíochais agus, ag an am céanna, dlisteanacht agus éifeachtacht na mbeartas gaolmhar a threisiú. Rud eile a aithníonn CESE na léargais chomhlántacha a luaitear i dtuarascáil Draghi maidir le hiomaíochas an Aontais, áit a leagtar béim bhreise ar an ngá atá le hacmhainní a leithdháileadh go trédhearcach agus go héifeachtach chun borradh a chur faoi athléimneacht eacnamaíoch agus cumas nuálaíochta an Aontais.

4.10. Agus buiséadú rannpháirtíochta á chur chun feidhme, is den ríthábhacht leas a bhaint as eagna chomhchoiteann eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Is féidir leis na grúpaí sin, agus tuiscint dhomhain acu ar riachtanais na sochaí, cabhrú le cothromaíocht a bhaint amach idir mianta gearrthéarmacha agus infheistíochtaí fadtéarmacha. Is féidir le CESE idirphlé idir geallsealbhóirí éagsúla a éascú agus, ar an dóigh sin, a áirithiú go gcuirfidh raon leathan dearcthaí agus saineolais leis na próisis rannpháirtíochta Is den ríthábhacht é go ndéanfar meastóireacht rialta ar na próisis sin, agus go gcuirfidh na heagraíochtaí rannpháirteacha leo, má tá siad chun feabhsú ar feadh an ama agus chun leanúint de bheith éifeachtach.

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE